

Bia is Bóthar: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- Céard é an bia is fearr leat?
- An itheann tú glasraí agus torthaí?
- An itheann tú mearbhia?
- An bhfuil tú go maith ag cócaireacht?
- Céard a d'ith tú maidin inniu?
- An bhfuil bia ar bith ann a d'íosfá gach lá agus gan rud ar bith eile a ithe?
- Dá bhféadfá piolla a thógáil in áit bia a ithe, an ndéanfá é sin?
- Dá mbeifeá i dtír eile, an ndéanfá iarracht blaiseadh de na miasanna náisiúnta ar fad a fháil? Cén fáth?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

aiste bia	<i>satisfaction to be had</i>
bia folláin	<i>greater emphasis</i>
sásamh le baint as	<i>diet</i>
glasraí orgánacha	<i>urgent need</i>
ag cócaireacht	<i>becoming overweight</i>
ag titim chun feola	<i>organic vegetables</i>
le bheith sláintiúil	<i>healthy food</i>
eacnamaíocht bhaile	<i>to be healthy</i>
níos mó béime	<i>cooking</i>
géarghá	<i>home economics</i>

C Cum abairtí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____



Bia is Bóthar: Mír a hAon

A Freagair na ceisteanna.

1. Cén uair a bunaíodh Margadh na Feirme?

- sa chúigiú haois déag
- sa séú haois déag
- sa seachtó haois déag

2. Cén fáth a ndeachaigh an láithreoir go Saint Mary's Abbey?

- le glasraí a cheannach dá bhialann
- le dul ar thuras staire
- le heolas a fháil faoi chúrsaí creidimh

3. Cad a chuireann an láithreoir leis na cainneanna? (Níos mó ná rud amháin.)

- ola olóige
- stoc sicín
- fíon geal

B Miasanna náisiúnta: Meaitseáil an bia leis an tír chúí.

paella	An Bhreatain Bheag
iasc agus sceallóga	An tSeapáin
hagaois	An Spáinn
stobhach Gaelach	An Iodáil
súisí	Sasana
curaí	An Fhrainc
lacha Peking	Tuaisceart Éireann
burgar	An tSualainn
píotsa	An India
ceibeab	An Albain
millíní feola	An Bheilg
bara brith	Meiriceá
pot-au-feu	An tSín
cúscús	An Iaráin
vaiféil	Éire
farlaí sóide	An Ailgéir

C Plé ranga: Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- Ar bhlais tú na cineálacha bia thuas cheana? An dtaitníonn siad leat?
- An bhfuil bia ar bith ann nach dtaitníonn leat?
- An mbaineann tú taitneamh as bia nua a thriail?
- Dá mbeifeá i do chónaí thar lear, cé na cineálacha bia a d'aireofá uait ón tír seo?

D Meaitseáil tús agus deireadh an seanfhocail agus pléigh an bhrí le do pháirtí ranga.

Is iad na muca ciúine	fuaíonn a chuid.
'Sí capall na hoibre	éadach nua i gcomhair na Cásca.
An cóngar chun an bhídh	a itheas an mhín.
An té a bhíos amuigh	slán ón tobar i gcónaí.
Is minic a mhaolaigh béile maith	ná an t-anraith.
Cuir an breac san eangach	agus an timpeall chun na hoibre.
Bia is deoch i gcomhair na Nollag;	an bia.
Is buaine an t-uanán	bolg riamh.
An trí anacair is measa: cúngrach croí,	brón.
Níor líon beannacht	sula gcuire tú sa phota é.
Ní thagann an crúiscín	cúngrach tí, is cúngrach corcáin.



A Freagair na ceisteanna.

1. Cén t-ainm eile atá ar an turcaí?

- coileach
- cearc fhrancach
- éan na Nollag

2. Cad a deirtear faoi thurcaí go minic?

- Tá sé róthirim
- Tá sé róthrom
- Tá sé ródhaor

3. Cén stíl cócaireachta atá i gceist?

- stíl Fhrancach
- stíl Éireannach
- stíl Iodálach

B Blas agus uigeacht: Cuimhnigh ar shampla amháin de bhia le cur le gach aidiacht thíos.

BLAS	UIGEACHT
géar:	calógach:
milis:	righin:
spíosrach:	briosc:
goirt:	crua:
searbh:	bog:
neamhbhlasta:	cúrach:
láidir:	uisciúil:

C Cén saghas bialainne a mholfá do na daoine seo thíos?

- ...turasóirí atá ag iarraidh blaiseadh de bhia traidisiúnta na hÉireann
- ...clann a bhfuil páistí óga acu
- ...grúpa daoine óga atá ag iarraidh bia saor go leor
- ...lánúin atá ar thóir béile rómánsúil Lá 'le Vailintín
- ...duine aclaí atá ar thóir bia sláintiúil

D Cur i láthair: Bia linn!

Tá tusa agus do ghrúpa ag cur tús le bialann nua, *Bia Linn!* Ullmhaigh cur i láthair don nuachtán áitiúil le custaiméirí a mhealladh chuig an mbialann. Cuimhnigh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén spriocghrúpa custaiméirí a bhfuil sibh ag díriú orthu?
- Cén saghas bia atá ar fáil sa bhialann?
- Céard iad na príomh-mhiasanna atá ann?
- Cén costas atá ar na príomh-mhiasanna?
- An bhfuil bia le tabhairt abhaile nó seirbhís seachadta ar fáil?
- An bhfuil siamsaíocht ar fáil ann?
- Cén leagan amach atá ar an mbialann?
- Cá bhfuil an bhialann lonnaithe?



Bia is Bóthar: Mír a Trí

A Freagair na ceisteanna.

1. Cé na comhábhair atá san anlann? (Níos mó ná rud amháin.)

- | | |
|---|-------------------------------------|
| <input type="checkbox"/> fíon geal | <input type="checkbox"/> ola olóige |
| <input type="checkbox"/> craiceann sicín | <input type="checkbox"/> stoc sicín |
| <input type="checkbox"/> craiceann líomóide | |

2. Cén uair a chuirtear im san anlann?

- Ag an tús
- Nuair atá an t-anlann laghdaithe
- Má tá sé ró-uisciúil

3. Cén fáth a dtaitníonn trátaí bella leis an láithreoir?

- Mar gheall ar an mblas atá orthu
- Mar gheall ar an gcruth atá orthu
- Mar gheall ar an dath atá orthu

B Bia sláintiúil: Pléigh na ceisteanna thíos le do ghrúpa.

- An bhfuil ailléirge ar bith ort?
- An bhfuil tú éisealach i dtaobh bia ar bith?
- Ar ith tú rud ar bith neamhghnáth riamh?
- Cé chomh minic a n-itheann tú rudaí milse?

C Sábháilteacht bia: Fíor nó bréagach.

An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach? Pléigh le do pháirtí ranga iad.

Moltar gan bia a fhágáil ag teocht an tseomra níos faide ná sé huair an chloig.

- Fíor Bréagach

Moltar gach rud a ní le huisce te tar éis duit bia amh a réiteach.

- Fíor Bréagach

Moltar feoil, circeoil agus bia mara a stóráil ar bharr an chuisneora.

- Fíor Bréagach

Moltar teirmiméadar a úsáid le teocht bhia a thomhas nuair atá tú ag cócaireacht.

- Fíor Bréagach

Moltar fuílleach bia a théamh san oigheann amháin.

- Fíor Bréagach

Moltar bia reoite a leá ar chuntar nó ar bhord sa chistin.

- Fíor Bréagach

Fásann baictéir níos tapa ag teocht an tseomra.

Fíor Bréagach

Moltar sicín a chócaireáil ag 180 céim Celsius.

Fíor Bréagach

D**Fuílleach bia: Pléigh na ceistanna thíos le do ghrúpa.**

- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach gearradh siar ar fhuílleach bia?
- An bhfuil tionchar ag an bhfógraíocht ar an gcineál bia a cheannaíonn tú?
- An bhfuil sé tábhachtach féachaint ar dhátaí bia, dar leat?
- Scríobh liosta moltaí le gearradh siar ar fhuílleach bia sa bhaile.